

AN tORDÚ LE hAGHAIDH
MHINISTREÁIL SHUIPÉAR AN TIARNA,
NÓ
AN CHOMAOINEACH NAOFA

Seasann an sagart ag Tábla an Tiarna agus an pobal ar a nglúine.

Ár nAthair, atá ar neamh, Go naofar d’ainm, Go dtaga do ríocht, Go ndéantar do thoil ar talamh, Mar a dhéantar ar neamh. Ár n-arán laethúil tabhair dúinn inniu. Agus maith dúinn ár bhfiacha, Mar a mhaithimidne dár bhféichiúna féin. Agus ná lig sinn i gcathú, Ach saor sinn ón olc. **Áiméan.**

ORTHA NA GLAINE

A Dhia na gcumhachtaí, dá bhfuil gach uile chroí oscailte, arb eol duit gach mian, agus ar léir duit gach rún; Glan smaointe ár geroí le hanalú do Naomhspioraid, ionas go dtugamid go hiomlán ár ngrá duit, agus go móraimid mar is dual d’ainm naofa; trí Chríost ár dTiarna. **Áiméan.**

NA DEICH nAITHEANTA

Ministir

Labhair Dia na briathra seo agus a dúirt; Is mise an Tiarna do Dhia; Ná bíodh aon déithe eile agat i mo láthair.

A Thiarna, déan trócaire orainn, agus claon ár geroí chun an dlí sin a choimeád.

Ná déan duit féin aon íomhá ghreanta, ná cosúlacht aon ní dá bhfuil ar neamh thuas, ná ar talamh thíos, ná sna huiscí atá faoin talamh. Ná sléacht rompu agus ná déan iad a adhradh. Óir is Dia éadmhar mise, an Tiarna do Dhia, agus déanaim coir an athar a agairt ar an gclann mhac, agus ar chlann a chlainne go dtí an ceathrú glúin díobh siúd ar fuath leo mé, ach déanaim cineáltas buan leis na mílte díobh siúd a thugann grá dom agus a choimeádann m’aitheanta .

A Thiarna, déan trócaire orainn, agus claon ár geroí chun an dlí sin a choimeád.

Ná luaigh ainm an Tiarna, do Dhia, le mí-úsáid a bhaint as. Óir an té a luafaidh ainm an Tiarna le mí-úsáid a bhaint as, ní fhágfaidh an Tiarna gan phionós é.

A Thiarna, déan trócaire orainn, agus claon ár geroí chun an dlí sin a choimeád.

Cuimhnigh ar an tsabóid agus coinnigh naofa í. Caithfidh tú sé lá ag obair agus déanfaidh tú do shaothar go léir, ach an seachtú lá, is sabóid é don Tiarna do Dhia. An lá sin ná déan scaob oibre – tú féin ná do mhac, ná d’iníon, ná do dhaor ná do dhaoirseach, ná do stoc ná an deoraí atá faoi do dhíon. Óir is i sé lá a rinne an Tiarna neamh agus talamh agus an fharraige, agus gach a bhfuil iontusan, ach ar an seachtú lá scoir sé ó obair. Uime sin bheannaigh an Tiarna lá na sabóide agus naomhaigh é.

A Thiarna, déan trócaire orainn, agus claon ár geroí chun an dlí sin a choimeád.

Tabhair do d’athair agus do do mháthair onóir i dtreo go mba fada iad do laethanta ar an talamh a thug an Tiarna do Dhia duit.

A Thiarna, déan trócaire orainn, agus claon ár geroí chun an dlí sin a choimeád.

Ná déan marú.

A Thiarna, déan trócaire orainn, agus claon ár geroí chun an dlí sin a choimeád.

Ná déan adhaltranas.

A Thiarna, déan trócaire orainn, agus claon ár geroí chun an dlí sin a choimeád.

Ná déan goid.

A Thiarna, déan trócaire orainn, agus claon ár geroí chun an dlí sin a choimeád.

Ná tabhair fianaise bhréige in aghaidh do chomharsan.

A Thiarna, déan trócaire orainn, agus claon ár geroí chun an dlí sin a choimeád.

Ná santaigh teach do chomharsan; ná santaigh bean do chomharsan, ná a dhaor ná a dhaoirseach, ná a dhamh ná a asal, ná aon ní is leis.

A Thiarna, déan trócaire orainn, agus scríobh na dlíthe sin uile inár geroí istigh, guímid thú.

ó

Éistigí leis an méid a deir ár dTiarna Íosa Críost:

Gráfaidh tú do Thiarna Dia le do chroí uile, agus le d'anam uile, agus le d'inchinn uile. Sin í an chéad Mhóraithne, agus tá an dara Móraithne ag cur léi, Gráfaidh tú do chomharsa mar thú féin. Tá a bhfuil sa Dlí agus sna Fáithe uile ag brath ar an dá aithne seo.

A Thiarna, déan trócaire orainn, agus scríobh na dlíthe seo agat ar chlár ár gcroí, impíimid ort.

Sagart

Guímis.

Léitheoir

Tá an léacht scríofa i gcaibidil ... de ... ag tosú ag véarsa ...

Ag deireadh na Léachta,

Seo deireadh na Léachta.

ORTHA AN LAE

AN LÉACHT

AN SALM

Léitheoir

Tá an Eipistil scríofa i gcaibidil ... de ... ag tosú ag véarsa ...

ag deireadh na hEipistile,

Seo é deireadh na hEipistile

Seasann cách

AN EIPISTIL

Ministir

AN SOISCÉAL

Agus fós céasadh é ar an gcroch ar ár son faoi Phontius Píoláit.
D'fhulaing sé páis, agus adhlacadh é,
Agus an tríú lá d'aiséirigh sé de réir na Scriptor, **Scriptúr,**
Agus chuaigh suas ar neamh
Agus tá ina shuí ar dheis an Athar,
Agus tiocfaidh sé arís ina ghlóir
chun breithiúnas a thabhairt ar bheo agus ar mhairbh,
Agus ní bheidh deireadh go deo lena ríocht.
Agus creidim sa Spiorad Naomh,
An Tiarna, agus bronntóir na beatha;
A thagann ón Athair agus ón Mac.
A adhartar agus a ghlóirítear
mar aon leis an Athair agus leis an Mac,
A labhair trí na Fáithe.
Agus creidim in aon Eaglais Chaitliceach Aspalda amháin.
Admhaím in aon bhaiste amháin chun maithiúnas na bpeacaí.
Agus tá súil agam le hAiséiri na marbh,
agus le beatha an tsaoil atá le teacht. **Áiméan**

AN tSEANMÓIR

Tosaíonn an Sagart ar AN OFRÁIL, agus deir aon cheann amháin nó a thuilleadh de na hAbairtí ar lch 169.

Glactar an almsa do na bochta .

Cuirtear arán agus fíon ar an tábla don chomaoineach.

Ministír

Guímis ar son Leas Eaglais Chríost le linn a catha anseo ar talamh.

A Dhia uilechumhachtaigh shíormharthanaigh, a mhúin dúinn trí bhéal do Naomhaspail urnaithe agus achainíocha a dhéanamh agus buíochas a ghabháil thar ceann na ndaoine go léir; Iarraimid go humhal ort go nglacfa go lántrócaireach [*lenár n-almsa agus lenár n-ofrálacha, agus*] leis na hurnaithe seo a thairgimid do do Mhórgacht Dhiaga; á iarraidh d' achainífort an Eaglais uile a líonadh i gcónaí den fhírinne agus den aontacht agus den réiteacht; Agus deonaigh don dream uile a admhaíos d' Ainm naofa bheith ar aon intinn le chéile i dtaobh fhírinne do Bhriathair naofa agus a mbeatha a chaitheamh in aontacht agus i ngrá diaga.

T.É. [Fairis sin, iarraimid ort gach uile Rí, Ruire agus Rófhlaithe Críostaí a choimeád agus a chumhdach; agus go mór mór do sheirbhíseach *ELIZABETH ár mBanríon*; ionas go mbíimid ár rialú faoina réir go diaga agus go suaimhneasach; agus deonaigh dá Comhairle uile agus dá bhfuil suite i gceannas faoina réir go riar siad an ceart gan cham gan chlaon, chun cionta agus urchóid a smachtú agus chun d'fhíorchreideamh agus an tsuáilce a choimeád slán.]

P.É. [Impíimid ort freisin croí na Rialtóirí Críostaí uile a threorú agus a chlaonadh, ionas go riar siad an ceart go fírinneach cothrom, chun cionta agus urchóid a smachtú, agus chun d'fhíorchreideamh agus an tsuáilce a choimeád slán.]

Tabhair grásta, a Athair neamhaí, do gach Easpag agus Ao i r e anamnacha, chun go nochta siad do Bhriathar fíor beoga trína mbeatha agus trína dteagasc, agus go ndéanaid do Shacraimintí naofa a mhinistreáil mar is ceart agus cóir: Agus tabhair do ghrásta neamhaí do do Mhuintir go hiomlán; agus go mór mór don Phobal atá i láthair anseo; ionas go n-éiste siad agus go nglaca siad do Bhriathar naofa le humhlaíocht chróí agus le hurraim chóir; agus fíor-riar a dhéanamh duit le naofacht agus le fíréantacht go lá deiridh a saoil.

Agus iarraimid go fíor-umhal ort, a Thiarna, go mbeadh sé de mhaitheas agat fortacht agus fuascailt a thabhairt do gach duine atá faoi bhuaire, nó faoi bhrón, nó faoi uireasa, nó faoi easláinte, nó faoi chruatan ar bith eile sa saol díomuan seo.

Agus fós beannaímid do Naomh-ainm mar gheall ar gach seirbhíseach leat dár imigh ón saol seo i do chreideamh agus i d'eagla; á iarraidh d'achainí ort grásta a thabhairt dúinn chun a ndea-shamplaí a leanúint, go mbeimis mar aon leo páirteach i do ríocht neamhaí: Deonaigh é sin, a Athair, ar son Íosa Críost, an t-aon Idirghuíftheoir agus an t-aon Abhcóide dá bhfuil againn. **Áiméan.**

Is ceadaithe ceann de na Moltaí ar lgh 175-178, nó cuid de cheann acu a léamh.

Sagart

Deirim libhse, a dhéanas aithreachas dflís dúthrachtach in bhur bpeacaí, agus a bhfuil grá agus carthanacht agaibh do bhur gcomharsana, agus a bhfuil rún leasaithe bhur mbeatha agaibh, ag leanúint aitheanta Dé, agus ag siúl feasta ina shlí naofa, Teacht i leith go muiníneach agus an Naomhshacraimint seo a ghlacadh chun bhur sóláis; agus bhur bhfaoinn a dhéanamh go huiríseal le Dia Uilechumhachtach, ag umhlú daoibh ar bhur dhá nglúin.

A Dhia Uilechumhachtaigh, Athair ár dTiarna Íosa Críost, a Chruthaitheoir na cruinne, a Bhreithimh na hÁdhamhchlainne, Táimid ag admháil agus ag éagaoineadh ár bpeacaí iomaí agus ár n-urchóide, Arinneamar, ó thráth go chéile, go dian dorruga, I smaoiniamh, i mbriathar, agus i ngníomh, In aghaidh do Mhórgachta diaga, lenar lasamar d'fhíoch agus d'fhearg fhíorchheart linn. Tá aithreachas dúthrachtach agus brón croí orainn faoi na míghníomhartha sin; Goilleann a geuimhne orainn; is ualach do-fhulaingthe dúinn iad. Déan trócaire orainn, a Athair na trócaire; Ar son do Mhic ár dTiarna Íosa Críost, Maith dúinn a ndeachaigh tharainn; Agus deonaigh dúinn go ndéanaimid feasta go deo seirbhís shíorthaitneamhach duit i mbeatha úrnua, Mar is mó a thabharfadh onóir agus glóir do d'Ainm; Trí Íosa Críost ár dTiarna. Áiméan.

easann an sagart nó an t-easpag má bhíonn i láthair, agus deir an aspalóid seo;

Dia Uilechumhachtach, ár nAthair Neamhaí, a gheall de bharr a mhóthrócaire, go dtabharfadh sé maithiúnas na bpeacaí don uile dhuine a iompaíos chuige le haithreachas croíúil agus le fíormhuinín; Go ndéana sé trócaire oraibh; go maith sé daoibh bhur bpeacaí uile, agus go bhfuascla sé uathu sibh; go ndaingní agus go neartaí i ngach suáilce sibh; agus go dtuga slán sibh chun na beatha síoraí; Trí Íosa Críost ár dTiarna. **Áiméan.**

Éistigí lena ndeireann ár Slánaitheoir Íosa Críost de bhriathra ag tabhairt croí dá n-iompaíonn chuige i bhfírinne.

Tagaigí chugam, sibhse uile a bhfuil saothar agus tromualach oraibh, agus tabharfaidh mé faoiseamh daoibh. *N.*

Matha 11. 28

Óir ghráigh Dia an domhan chomh mór sin gur thug sé a Aonghin Mic uaidh i dtreo, gach duine a chreideann ann, nach gcaillfí é ach go mbeadh an bheatha síoraí aige.

N. Eoin 3.16

Éistigí fós leis an méid a deir Naomh Pól.

Is barántúil agus is iontaofa go hiomlán an ráiteas é gur tháinig Críost Íosa ar an saol chun peacaigh a shlánú.

1Tiom 1. 15

Éistigí fós leis an méid a deir Naomh Eoin

Má dhéanann éinne peaca, tá abhcóide againn fara an Athair, Iosa Críost atá cóir. Is é an íobairt sásaimh ar ár bpeacaí é.

1 N. Eoin 2. 1,2

Sagart

Ardaigí bhur gcroí.

Táimid á n-ardú chun an Tiarna.

Tugaimis altú dár dTiarna Dia.

Is ceart agus is cóir é sin a dhéanamh.

Is é is ceart, is é is cóir, is é atá de dhualgas agus de cheangal orainn, buíochas a thabhairt i ngach am agus i ngach áit duitse, a Thiarna, a Naomhathair, a Dhia Uilechumhachtaigh Shíormharthanaigh:

Leanann an Phreafáid faoi leith, má tá preafáid faoi leith ceaptha ina comhair.

Dá bhrí sin, mar aon le hAingil agus le hArdaingil, agus le muintir neimhe uile, molaimid agus móraimid d'Ainm glórmhar, do do shíor- adhradh, agus á rá,

Naofa, Naofa, Naofa, a Thiarna Dia na slua,

tá neamh agus talamh lán de do ghlóir:

Glóir duit, a Thiarna atá os cionn na n-uile. Áiméan.

PREAFÁIDÍ FAOI LEITH

LÁ NOLLAG agus na seacht laethanta ina dhiaidh.

De bhrí gur thugais uait Íosa Críost d' Aonmhac le saolú cothrom an ama seo ar ár son; agus go ndearnadh de, trí oibriú an Spioraid Naomh, fíordhuine ó shubstaint na Maighdine Muire ba mháthair dó; agus é sin gan smál peaca, chun sinne a ghlanadh ó gach peaca. Dá bhrí sin, mar aon le hAingil, etc.

LÁ CÁSCA, agus na seacht laethanta ina dhiaidh.

Ach is é an fáth is mó is cóir dúinn tú a mholadh, ná Aiséirí glórmhar do Mhic Íosa Críost ár dTiarna; óir is é sin an Fí o r-uan Cásca a íobraíodh thar ár gceann, agus a rug leis peaca an domhain; a scrios an bás lena bhás féin, agus lena aiséirí chun beatha a thug ar ais dúinn an bheatha shíoraí. Dá bhrí sin, mar aon le hAingil, etc.

LÁ DEASCABHÁLA agus na seacht laethanta ina dhiaidh.

Trí do Mhac fíordhílis Íosa Críost ár dTiarna; a nocht é féin go lán soiléir dá Aspail uile, tar éis a Aiséirí glórmhaire, agus d'ardaigh ar neamh os comhair a súl chun áit a ullmhú dúinn; ionas go dtriallaimisne leis suas don áit a bhfuil sé féin, agus bheith i ríocht mar aon leis i nglóir. Dá bhrí sin, mar aon le hAingil, etc.

DOMHNACH CINCÍSE agus na seacht laethanta ina dhiaidh.

Trí Íosa Críost ár dTiarna; an té a d'ardaigh i bhfad os cionn na n-uile Fhlaitheas, agus ina dhiaidh sin a suíodh ar do láimh dheis, agus a dhoirt anuas ar an gclann uchta cothrom an ama seo do Spiorad Naomh a bhronnas beatha; ionas go n-imeodh gairdeas an tSoiscéil shíoraí amach ar fud an domhain trína chumhacht ghlórmhar; i slí gur tríd sin a tugadh sinne amach as an dorchadas agus as an earráid isteach i nglésholas agus i bhfíoraithe ortsa, agus ar do Mhac Íosa Críost. Dá bhrí sin, mar aon le hAingil, etc.

Ar FHÉILE NA TRÍONÓIDE amháin.

Tusa is Aondia, Aontiarra, mar aon le d' Aonghin Mhic agus leis an Spiorad Naomh, i dTrionóid Phearsan, agus in Aontacht Substainte: óir an ní a chreidimid i dtaobh do ghlóirese, a Athair, is é an ní céanna a chreidimid i dtaobh an Mhic, agus i dtaobh an Naomhspeoraí, gan difríocht ná dealú. Dá bhrí sin, mar aon le hAingil, etc.

Déarfad nó canfad láithreach i ndiaidh gach Preafáide,

Dá bhrí sin, mar aon le hAingil agus le hArdaingil, agus le muintir neimhe uile, molaimid agus móraimid d' Ainm glórmhar, do do shíor- adhradh, agus á rá,

Naofa, Naofa, Naofa, a Thiarna Dia na slua,

tá neamh agus talamh lán de do ghlóir:

Glóir duit, a Thiarna atá os cionn na n-uile. Áiméan.

PAIDIR CHUN TEACHT I LÁTHAIR GO HUMHAL

Ní le muinín as ár bhfíréantacht féin, a Thiarna thrócairigh, a leomhaimid teacht anseo chun do Bhoird, ach le muinín as méid agus as liacht do thrócairí. Ní fiú sinn oiread agus na sprúillí a bhailiú faoi do Bhord. Ach is tusa an Tiarna céanna, ar dual duit an trócaire de shíor: Deonaigh dúinn mar sin, a Thiarna na ngrást, feoil do Mhic dhílis Íosa Críost a ithe agus a fhuil a ól ar chuma go nglantar ár gcolainneacha peacúla lena cholainnsean, agus go nitear ár n-anamnacha trína fhuil uasal, agus go mbíimid de shíor inár gcónaí ann agus eisean ina chónaí ionainn. Áiméan.

URNAÍ AN CHOISREACAIN

Sagart

A Dhia Uilechumhachtaigh, ár nAthair neamhaí, a thug uait le do mhaoth-thrócaire d' Aonmhac Íosa Críost chun bás a fhulaingt ar an gcroch dár slánú; an té a rinne ansin agus é á thoirbhirt féin den aon uair amháin íobairt iomlán, cúiteamh gan cheal, agus leorghníomh lán, ar son peacaí an domhain uile; agus a chuir ar bun buanchuimhne a bháis mhórluaigh sin, agus a d'ordaigh dúinn ina Shoiscéal naofa í a chomhalladh nó go bhfille sé chugainn:

Éist linn, a Athair thrócairigh, guímid go humhal thú; agus deonaigh dúinn le linn an dá dhúil seo leat, arán agus fíon, a ghlacadh chugainn, de réir naomhoird do Mhic Íosa Críost, ár Slánaitheoir, i gcuimhne a

bháis agus a pháise, bheith páirteach ina Chorp agus ina Fhuil fhíorbheannaithe:

An té, oíche féin a bhratha, a ghlac Arán * ; agus tar éis altaithe, bhris é †, agus thug dá dheisceabail é, á rá leo, Glacáigí, ithigí; ‡ is é seo mo Chorp a thugtar ar bhur son: Déanaigí é seo mar chuimhneamh ormsa. Mar an gcéanna tar éis suipéir ghlac an Chailís § ; agus tar éis altaithe, thug dóibh í, á rá leo, Ólaigí uile aisti seo; ¶ óir is í seo m'Fhuil, Fuil an Tiomna Nu a , a dhoirtear ar bhur son agus ar son móráin chun fuascailte ó pheacaí: Déanaigí é seo, gach uair ólfas sibh í, mar chuimhneamh ormsa. Áiméan .

** Anseo is cóir don Sagart an Paiteana a ghlacadh ina lámha:*

† Anseo an tArán a bhriseadh:

‡ Anseo lámh a luí ar an arán uile:

§ Anseo an Chailís a ghlacadh ina láimh:

¶ Anseo lámh a luí ar gach arthach pé Cailís nó Flaigín é ina bhfuil Fíon le coisreacán.

Glacann na ministrí an Chomaoineach.

Tugtar an t-arán do chomaoineoirí leis na focail

Corp ár dTiarna Íosa Críost a tugadh ar do shon, go gcoinní sé slán thú idir chorp agus anam chun beatha shíoraí. Glac agus ith seo i gcuimhne go bhfuair Críost bás ar do shon, agus beathaigh thú féin air i do chroí le creideamh agus tú buíoch.

Tugtar an Chailís do chomaoineoirí leis na focail

Fuil ár dTiarna Íosa Críost a doirteadh ar do shon, go gcoinní sí slán thú idir chorp agus anam chun beatha shíoraí. Ól seo i gcuimhne gur doirteadh Fuil Chríost ar do shon, agus bí buíoch.

Má idítear an méid Aráin nó Fíona a choisrictear sula mbíonn Comaoineach glactha ag cách, is cóir don sagart tuilleadh a choisreacan de réir na foirme a dúradh cheana; ag tosú ag Ár Slánaitheoir Críost, oíche féin a bhratha, etc., i gcomhair an Aráin a bheannú; agus ag Mar an gcéanna tar éis suipéir, etc., i gcomhair na Cailíse a bheannú.

**Ár nAthair,
atá ar neamh,
go naofar d'ainm,
go dtaga do ríocht,
go ndéantar do thoil ar talamh,
mar a dhéantar ar neamh.
Ár n-arán laethúil tabhair dúinn inniu.
Agus maith dúinn ár bhfiacha,
mar a mhaithimidne dár bhféichiúna féin.
Agus ná lig sinn i gcathú,
ach saor sinn ón olc.
Óir is leatsa an ríocht,
agus an chumhacht, agus an ghlóir,
trí shaol na saol. Áiméan.**

AN PHAIDIR

Deirtear ina dhiaidh sin ceann den dá urnaí seo thíos, nó iad araon.

A Thiarna, Athair neamhaí, táimid do sheirbhísigh umhla á iarraidh ar do mhaitheas aithriúil glacadh go trócaireach leis an íobairt mholta mhórbhuíochais seo uainn; agus sinn ag achainí ort go fíor-umhal a dheonú, trí luaíocht agus bhás do Mhic Íosa Críost, agus trí chreideamh ina Fhuil, go bhfaighimid mar aon le d'Eaglais go huile agus go hiomlán fuascailt ónár bpeacaí agus gach leas eile dá dtagann óna pháis.

Agus anseo tugaimid agus tarigimid duit, a Thiarna, sinn féin idir chorp agus anam, chun bheith inár n-íobairt thuisceanach naofa bheoga duit; á achainí ort go humhal go líonfar gach duine againn, atá páirteach sa Naomhchomaoineach seo, de do ghrásta agus de do bheannacht neamhaí.

Agus cé nach fiú sinn, mar gheall ar ár bpeacaí iomadúla, aon íobairt a thairiscint duit, mar sin féin iarraidimid ort glacadh leis an dualgas agus leis an ómós seo atá de cheangal orainn, a thabhairt; gan ár luaíocht a thomhas ach ár gcionta a mhaitheamh dúinn, trí Íosa Críost ár dTiarna; Tríd sin, agus leis sin, in aontacht an Spioraid Naoimh, tugtar gach onóir agus glóir duit, a Athair uilechumhachtaigh, trí shaol na saol. **Áiméan.**

A Dhia Shíoraí na gcumhachtaí, tugaimid buíochas ó chroí duit de bhrí go ndeonaíonn tú sinne a bheathú, an dream atá tar éis na rúndiamhra naofa seo a ghlacadh mar is cóir, le bia spioradálta Coirp agus Fola mórluaigh do Mhic ár Slánaitheoir Íosa Críost; agus go dtugann tú deimhin dúinn tríd sin ar do dhea-mhéin agus ar do mhaitheas dúinn; agus go ndearnadh dínn fíorbhail i gcorp mistiúil do Mhic, is é sin buíon bheannaithe na greidmheach uile; agus go bhfuilimid fós inár n-oidhrí, trí dhóchas, ar do ríocht shíormharthanach, trí luaíocht bháis uasail agus pháise mórluaigh do Mhic dhílis.

Agus achainímid go humhal ort, a Athair neamhaí, cabhair a thabhairt dúinn ó do ghrásta, ar shlí go bhfanaimid sa chomhluadar naofa sin, agus go ndéanaimid na dea-oibreacha sin a d'ullmhaigh tú romhainn chun siúil iontu; trí Íosa Críost ár dTiarna, gur dó, agus duitse agus don Spiorad Naomh, a thugtar gach glóir agus onóir trí shaol na saol. **Áiméan.**

GLORIA IN EXCELSIS

**Glóir do Dhia in ard na bhFlaitheas,
agus síocháin ar talamh, dea-mhéin chun na ndaoine.
Molaimid thú, beannaímid thú, adhraimid thú, móraimid thú,
tugaimid buíochas leat as ucht do mhórghlóire,
a Thiarna Dia, a Rí neamhaí, a Dhia an tAthair Uilechumhachtach.
A Thiarna, an tAonghin Mhic Íosa Críost;
a Thiarna Dia, a Uain Dé, a Mhic an Athar,
a bheir leat peacaí an domhain, déan trócaire orainn.
Tusa a bheir leat peacaí an domhain, déan trócaire orainn.
Tusa a bheir leat peacaí an domhain, glac lenár nguí.
Tusa atá i do shuí ar dheis Dé an tAthair, déan trócaire orainn.
Óir is tusa amháin atá naofa; is tusa amháin an Tiarna;
is tusa amháin is airde, a Chríost, mar aon leis an Spiorad Naomh,
i nglóir Dé an tAthair. **Áiméan.****

Féadtar ORTHA IARCHOMAOINEACH a rá.

AN BHEANNACHT

Sagart (nó an t-easpag, nuair atá i láthair)

Go gcoinní síocháin Dé, a sháraíos an uile thuiscint, bhur gcroí agus bhur n-aighe in aithne agus i ngrá Dé, agus a Mhic Íosa Críost ár dTiarna; agus go raibh beannacht Dé Uilechumhachtaigh, an tAthair, an Mac, agus an Spiorad Naomh, in bhur measc agus go bhfana agaibh go buan. **Áiméan.**

ABAIRTÍ LE HAGHAIDH NA hOFRÁLA

Ná cuirigí stór i dtaisce daoibh féin ar an talamh mar a mbíonn an leamhan agus an mheirg á mhilleadh agus na bithiúnaigh ag briseadh isteach á ghoid. Cuirigí stór i dtaisce daoibh féin ar neamh mar nach mbíonn leamhan ná meirg ann chun a mhíllte, ná bithiúnaigh ann chun briseadh isteach á ghoid. *N. Matha 6.19-20*

Nithe ar bith ab áil libh daoine a dhéanamh daoibhse, déanaigí amhlaidh sin dóibh: sin é an dlí agus na fáithe. *N. Matha 7.12*

Cuimhnigh ar ráiteas úd an Tiarna mar a ndúirt sé gur mó is méanar rud a thabhairt uait ná rud a fháil. *Gníomh 20.35*

Ní hé gach aon duine a deir liom: ‘A Thiarna, a Thiarna!’ a rachaidh isteach i ríocht na bhflaitheas, ach an té a dhéanann toil m’Athar atá ar neamh. *N. Matha 7. 21*

Bíodh bhur solas ag taitneamh os comhair daoine chun go bhfeicfidís bhur ndea-ghníomhartha agus go nglóireoidís bhur nAthair atá ar neamh. *N. Matha 5.16*

An té a chuireann an síol go gann, is gann an fómhar a bhainfidh, ach an té a chuireann go fairsing, bainfidh sé fómhar fairsing. Déanadh gach duine dá bhrí sin mar a bhí beartaithe ina chroí aige, agus déanadh sé sin gan doicheall gan éigean mar is geal le Dia an té a thugann go fáilteach. *2 Cor 9.6-7*

Is mór an t-údar saibhris í an chraífeacht go deimhin, an té a bhíonn sásta lena chuid. Mar níor thugamar aon ní isteach sa saol ná ní féidir linn aon ní a thógáil as. *1 Tiom 6.6-7*

Tabhair foláireamh dóibh siúd a bhfuil flúirse de mhaoín an tsaoil seo acu, bheith saibhir i ndea-oibreacha, bheith fial flaitiúil lena gcuid agus stór a chur i dtaisce dóibh féin a bheidh ina bhun maith acu san am atá le teacht chun an bheatha úd a shealbhú atá ina beatha dáiríre.

1 Tiom 6. 17-19

Ná déanaigí dearmad ar an maith a dhéanamh agus bhur gcuid a roinnt. Óir tá an saghas sin íobairtí taitneamhach le Dia.

Eabh 13.16

Ná tagaidís folamh i láthair an Tiarna, ach tugadh gach fear uaidh de réir a chumais faoi mar a chuireann an Tiarna do Dhia a bheannacht ort.

Deot 16.16-17

Nach eol daoibh, iad sin a bhíonn i mbun searmanais an teampaill, go gcaitheann siad bia an teampaill; agus iad sin a bhíonn ag freastal ag an altóir, go bhfaigheann siad a gcion de bhia na haltóra? Ar an gcuma chéanna d'achtaigh an Tiarna do lucht fógartha an dea-scéil a mbeatha a bhaint as an dea-scéal.

1 Cor 9. 13-14

Má chuireamarna síol spioradálta daoibhse, an mór an ní é má bhainimid toradh saolta uaibh?

1 Cor 9. 11

An duine a bhíonn ag foghlaim an chreidimh, roinneadh sé a chuid maoin ar a oide múinte. Ná bíodh aon dul amú oraibh: ní féidir bob a bhualadh ar Dhia. Mar a chuireann duine an síol is ea a bhainfidh sé an fómhar.

Gal 6. 6-7

Níl Dia éagórach. Dá bhrí sin, ní dhéanfaidh sé dearmad ar an obair a rinne sibh ná ar an ngrá atá agaibh dó.

Thaispeáin sibh an grá seo go háirithe nuair a tháinig sibh i gcabhair ar na Críostaithe eile agus, ar ndóigh, tá sé seo á dhéanamh agaibh fós.

Eabh 6. 10

Fad atá an deis againn, mar sin, déanaimis an mhaith do chách agus go háirithe do líon tí an chreidimh.

Gal 6. 10

Duine a bhfuil maoin an tsaoil aige agus go n-airíonn a bhráthair ar an gcaolchuid, agus go gcruann a chroí air, conas a bheadh grá Dé go buan sa duine sin?

1 Eoin 3. 17

An té a bhíonn cineálta leis na boicht, tugann sé iasacht don Tiarna, déanfaidh sé cúiteamh ar son a ndearna sé.

Seanfhocail 19. 17

Is méanar don té ar cúram leis an dealbh is an daibhir; saorfaidh an Tiarna é in am na buartha.

Salm 41. 1

Tógai gí bhur súile agus féachaigí ar na goirt; tá siad geal chun an fhómhair. Tá a thuarastal á fháil ag an mbuanáí cheana féin, agus tá toradh á bhailiú aige chun na beatha síoraí, i dtreo go bhfuil lúcháir ar an síoladóir agus ar an mbuanáí in éineacht.

N. Eoin 4. 35-36

Is ceadaithe a rá ina dhiaidh sin ceann de na habairtí seo thíos.

DON NOLLAIG

Tá a fhios agaibh go maith an chomaoín a chuir ár dTiarna Íosa Críost oraibh: siúd is go raibh sé saibhir rinne sé bochtán de féin ar mhaithe libhse, d'fhonn is go ndéanfaí daoine saibhre díbh trína bhochtaineachtsan.

2 Cor 8. 9

DON CHÁISC

Tá Críost, ár n-uan Cásca, íobartha ar ár son. Dá bhrí sin, déanaimis an fhéile a cheiliúradh.

1 Cor 5 .7-8

DON DEASCABHÁIL

Ar dhul in airde dó, ghabh sé slua cimí agus thug tabhartais do dhaoine.

Eif 4. 8

DON CHINCÍS

Mar is é Dia a bhuaíl a stampa orainn agus a chuir geall an Spioraid inár gcroí.

2 Cor 1. 22

AR DHOMHNACH NA TRÍONÓIDE

Moladh agus glóir do rí na n-aoiseanna, don aon Dia dofheicthe síoraí, trí shaol na saol. Áiméan.

1 Tiom 1. 17

Is leatsa, a Thiarna, an méid, an chumhacht, an ghlóir, an bua, agus an mhórgacht; óir is leatsa a bhfuil ar neamh agus ar talamh; is leatsa an flaitheas, a Thiarna: is tusa an bhuaic go hard os cionn cách. Beirimid buíochas leat anois a Dhia linn, agus molaimid glóir d'anm. Óir is uaitse gach ní agus is ó do chuid féin a bhronnaimid ort.

1 Croin 29. 11-14a

ORTHAÍ IARCHOMAOINEACH

a fhéadtar a rá roimh an Bheannacht.

Cuidigh linn go trócaireach, a Thiarna, inár n-urnaithe agus inár n-achainíocha, agus cóirigh slí do sheirbhíseach chun go sroichid slánu síorbhuan; ionas, trí gach cor agus cinniúint dá mbaineann leis an mbeatha shaolta seo, go mbíd go cónaitheach faoi do dhíon nach mbíonn doicheadallach ná righin faoi chabhair; trí Íosa Críost ár dTiarna. **Áiméan.**

A Dhia uilechumhachtaigh, go maireann mar aon leat spioraid na ndaoine imíos as seo sa Tiarna; achainímid go humhal ort gurb áil leat, de bharr do mhaitheasa cheansa, lucht do rogha a chomhlíonadh gan mhoill, agus teacht do ríochta a bhrostú; ionas go sroichimidne, i gcuideachta ar shéalaigh i bhfforchreideamh do Naomh-ainm, ceann ár gcúrsa faoi iomlán séin, idir chorp agus anam, i do bhuanghlóir shíormharthanach; trí Íosa Críost ár dTiarna. **Áiméan.**

A Thiarna uilechumhachtaigh, agus a Dhia shíormharthanaigh, deonaigh dúinn, sirimid thú, ár gcroí agus ár gcolainn araon a dhíriú, a naomhú, agus a rialú i slite do reachta, agus in oibreacha d'aitheanta; ionas go gcoinnítear slán sinn idir chorp agus anam, faoi dhíon do lánchumhachta, anois agus go brách, trínár dTiarna agus ár Slánaitheoir Íosa Críost. **Áiméan.**

Deonaigh dúinn, guímid thú, a Dhia uilechumhachtaigh, go gcuire do ghrásta na focail a chualamar inniu lenár gcluasa ag fás inár gcroí istigh, chun glóire agus onóra d'ainm; trí Íosa Críost ár dTiarna. **Áiméan.** Gluais romhainn, a Thiarna, le grásta do charthanachta i gcúrsaí ár ngníomhartha uile, agus cuir ar aghaidh sinn le do shíorchabhair; go bhfaighe ár n-oibreacha uile a dtús uaitse, a réim ionatsa, agus go dtuga tú chun críche iad, ionas go móraimid do Naomh-ainm, agus go bhfaighimid faoi dheoidh de bharr do thrócaire an bheatha mharthanach; trí Íosa Críost ár dTiarna. **Áiméan.**

A Athair lánthrócairigh, iarraimid ort go dtuirlingí do bheannacht neamhaí ar mhinistí do Bhriathair agus do Shacraimintí; ionas go méadaítear i bhfíréantacht iad, agus go mbí de rath ar do Bhriathar a labhraítear trína mbéal nach labhrófar choíche go díomhaoin é. Deonaigh fós, guímid go humhal thú, an méid a nochtfaidh siúd as do Bh r i a t h a r sárnaofa, nó an méid a ghabhas leis, go mbí sé de ghrásta ag an bpobal éisteacht leis agus é a ghlacadh; chun glóire agus onóra d'Ainm, agus chun méadaithe do ríochta; trí Íosa Críost ár dTiarna. **Áiméan.**

A Dhia a rinne d'aonfhuil gach cine de na daoine chun go mbeadh cónaí orthu ar dhroim an domhain uile, agus a chuir do Mhac beannaithe chun síocháin a sheanmóiríú dá bhfuil i gcéin agus i gcóngar; Deonaigh do ndéana ciníocha an domhain thú a chuardach agus thú a shroicheadh; agus brostaigh, a Thiarna, comhlíonadh do ghealltanais, is é sin, do Spiorad a dhoirteadh amach ar gach uile dhuine; trí Íosa Críost ár dTiarna. **Áiméan.**

I Seachtainí na Cátaoireach

A Dhia uilechumhachtaigh, ár nAthair neamhaí, a cheannaigh duit féin Eaglais uile le fuil uasal do Mhic dhílis; féach uirthi siúd go trócaireach, agus treoraigh san am seo intinn do sheirbhíseach easpaig agus aoirí do thréada, ar shlí nach leaga siad lámh obann ar aon duine, ach go dtóga siad go dílis discrídreach daoine oiriúnacha chun seirbhíse i ministreacht naofa d'Eaglaise, Agus deonaigh don dream a oirneofar chun aon naomh- o i fige do ghrásta agus do bheannacht neamhaí; ionas trína saol agus trína dteagasc araon go gcuirid do ghlóir ar leathadh, agus slánú na ndaoine go léir ar aghaidh; trí Íosa Críost ár dTiarna. **Áiméan .**

Nó é seo, agus féadtar an ceann seo a úsáid ar an lá a n-oirnítear Deagánaigh nó Sagairt.

A Dhia uilechumhachtaigh, bronntóir gach uile dheathabhartais, a d'ordaigh le do Réamhaire Dhiaga Oird éagsúla i d'Eaglais; Tabhair do ghrásta, guímid go humhal thú, do gach duine atá le gairm* chun aon o i fige nó ministreachta inti; agus bí á líonadh d'fhírinne do theagaisc deshíor, agus éadaigh iad le hionracas beatha, ar chuma go ndéanaid seirbhís dhílis os do chomhair, chun glóire do mhór-ainm, agus chun leasa do naomh-Eaglaise; trí Íosa Críost ár dTiarna. **Áiméan.**

**** Ar lá an oirnithe féadfar gairmthe inniu a rá in ionad le gairm.***

A Dhia uilechumhachtaigh, tobar na heagna uile, gur fios duit ár n-easpaí sula n-iarraimid iad, agus ár n-ainbhios agus sinn á n-iarraidh; achainímid ort trua a ghlacadh dár n-anbhainne; agus na nithe sin nach leomhaimid a n-iarraidh de dheasca ár mídhiongbháilteachta, agus nach bhféadaimid a n-iarraidh de dheasca ár ndaill, deonaigh dúinn iad, trí dhiongbháilteacht do Mhic Íosa Críost ár dTiarna. **Áiméan.**

A Dhia uilechumhachtaigh, a gheall dúinn éisteacht le hiarratais na ndaoine a ghuíos in ainm do Mhic; achainímid ort éisteacht go trócaireach linn, an dream atá tar éis a n-urnaithe agus a n-achainíocha a dhéanamh duit anois; agus na

nithe d'iarramar go creidmheach de réir do thola, deonaigh go bhfaighimid go tairbheach iad, chun fortachta ár riachtanais, agus chun foilsithe do ghlóire; trí Íosa Críost ár dTiarna. **Áiméan.**

Bíodh go bhfuil sé ordaithe san Oifig seo chun Suipéar an Tiarna a mhineastráil, go nglacadh na Comaoineoirí ar a nglúine é; (rud atá ordaithe go coir mar admháil umhal altaitheach i dtaobh na maitheasa a thugann Críost ar an gcuma sin do gach duine is fiú iad a ghlacadh, agus le fonn aon mhí-ómós nó aon mhírialtacht a sheachaint dob fhéidir a thitim amach sa Naomhchomaoineach mura mbeadh sin;) mar sin féin, ar eagla go ndéanfadh aon duine, trí ainbhios agus anbhainne, nó trí mhailís agus trí mheargántacht, míthuiscint nó mí-úsáid as feacadh sin na nglún; Foilsítear anseo, Nach gciallaítear go n-adhartar leis sin Arán ná Fíon na Sacraiminte a ghlactar go corportha, ná aon Láthair Chorportha d'Fheoil ná d'Fhuil nádúrtha Chríost, agus nach ceart a leithéid a dhéanamh. Óir fanann Arán agus Fíon na Sacraiminte ina substaintí fíornádúrtha féin, agus dá chionn san ní ceart a n-adhradh; (óir dob ionann sin agus íoladhradh, rud ba cheart a bheith ina dhíol gráine i láthair gach Críostaí chreidmhigh;) agus ní anseo atá Corp agus Fuil nádúrtha Chríost ár Slánaitheoir, ach ar neamh; toisc é a bheith contrártha d'fhírinne Choirp Nádúrtha Chríost é a bheith i níos mó ná aon áit amháin in éineacht.

MOLTAÍ

A hAON

A chairde na páirte, Dé ... seo chugainn, is rún liom, le cúnamh Dé, Sacraimint lánfhortachta Choirp agus Fola Chríost a mhineastráil do gach duine a bheidh faoi dhiagacht agus faoi dheabhóideacht aigne; lena ghlacadh dóibh i gcuimhne a Chroise agus a Pháise luachmhaire; an t-aon slí amháin atá againn chun fuascailt a fháil ónár bpeacaí agus chun páirt a ghlacadh i ríocht na bhflaitheas. Dá chionn sin, tá sé de cheangal orainn lán ár gcroí de bhuíochas a thabhairt go humhal do Dhia Uilechumhachtach ár nAthair neamhaí, de bhrí gur thug sé uaidh a Mhac ár Slánaitheoir Íosa Críost, ní amháin chun bás a fháil ar ár son, ach ina theannta sin chun é bheith ina bhia agus ina bheathú spioradálta dúinn sa Naomhshacraimint sin. Agus ós rud chomh diaga, fóiritheach sin é don dream a ghlacann léi go fiúntach, ach chomh contúirteach don dream a leomhann í a ghlacadh go neamhfhiúntach; tá sé de cheangal ormsa a fhógairt oraibh idir an dá linn machnamh a dhéanamh ar dhínit na mistéire beannaithe sin, agus ar mhórghuaiseacht a glactha go neamhfhiúntach; agus bhur gcoinsias féin a chur faoi scrúdú, (agus gan é sin a dhéanamh go leathfhaillíoch ná ar nós lucht a dhéanas gnúismhealltóireacht le Dia; ach) ar shlí go dtaga sibh chun fleá chomh neamhaí sin go naofa niamhghlan, san éadach nuachair a d'ordaigh Dia sa Naomhscriptúr, agus go nglactar libh mar rannpháirtithe fiúntacha sa Bhord naofa úd.

Is é an chaoi agus an tslí chuige sin; ar dtús, bhur mbeatha agus bhur mbéasa a iniúchadh de réir rialacha aitheanta Dé; agus cibé coir a fheicfear daoibh a bheith déanta agaibh, i dtoil, nó i mbriathar, nó i ngníomh, bhur gcoiriúlacht sa ní sin a chaoineadh, agus faoistin a dhéanamh do Dhia Uilechumhachtach, mar aon le lánrún chun leasaithe bhur mbeatha. Agus má fheictear daoibh nach in aghaidh Dé amháin a rinne sibh na coireanna sin, ach in aghaidh bhur gcomharsana freisin; ní mór daoibh ansin réiteach leo; agus bheith ullamh chun bhur gcroí-dhícheall a dhéanamh d'iarraidh sásamh agus lánchúiteamh a thabhairt do dhaoine eile as gach urchóid agus aincheart dá bhfuil déanta agaibh ina n-aghaidh: agus bheith ullamh mar an gcéanna chun maithiúnas a thabhairt do dhaoine eile de thaobh na gcionta a rinneadar in bhur n-aghaidhse, mar dob áil libh go maithfeadh Dia daoibh bhur gcionta féin; óir gan sin a bheith amhlaidh ní dhéanann glacadh na Naomh-chomaoineach ach cur le bhur ndamnú. Dá bhrí sin, má tá in bhur measc aon duine a mhaslaíos Dia, nó a choisceas nó a cháineas a Bhriathar, nó adhltranach, nó duine atá i bhfuath, nó i bhformad, nó in aon chion mór eile, déan aithreachas i dtaobh do pheacaí, nó ná druid leis an Bhord naofa; d'eagla, tar éis na Naomhshacraiminte a ghlacadh duit, go dtiocfadh an diabhal ionat, mar a tháinig in Iúdás, do do líonadh de gach uile shórt urchóide, agus do do sheoladh ar d'aimhleas idir chorp agus anam.

Agus ó tá sé riachtanach, gan aon duine a theacht chun na Naomhchomaoineach ach amháin an té a mbíonn lán-iontaoibh aige as trócaire Dé, agus a choinsias go ciúin; dá bhrí sin má tá in bhur measc aon duine, nach bhféadann a choinsias a chiúinú ar an gcuma sin, gan breis fortachta nó comhairle a fháil, tagadh sé chugamsa, nó chuig duine deaeolach discréideach eile de Mhinistí Briathair Dé, agus nochtadh sé a bhrón; ionas trí Bhriathar naofa Dé a mhineastráil, go bhfaigheadh sé leas na haspalóide, mar aon le comhairle spioradálta, chun a choinsias a chiúinú agus chun gach scrupall agus amhras a chur ar leataobh.

Nó má thugann sé faoina aire go ndéanann an pobal faillí ar theacht chun na Comaoineach Naofa, ní hé an Moladh sin thuas a déarfadh sé ach an ceann seo:

A DÓ

A bhráithre na páirte, Dé ... seo chugainn, is rún liom, le cúnamh Dé, Suipéar an Tiarna a cheiliúradh: agus fógraím chuige, thar ceann Dé, a bhfuil agaibh i láthair anseo; agus iarraim oraibh, ar son an Tiarna Íosa Críost, gan é a dhiúltú, agus Dia féin ag gairm agus ag glaoch oraibh chomh grámhar sin. Is eol daoibh gur cráite agus gur míchneasta an ní é, duine a bheith tar éis fleá a ullmhú go fial fairsing, agus a bhord a ghléasadh le gach uile shórt bia, ionas nach bhfuil in easnamh ach an chuideachta a bheith ina shuí; agus ansin an dream a fuair cuireadh gan aon chúis acu leis a bheith chomh míbhuíoch sin is go ndiúltaíonn siad a theacht. Cá bhfuil an duine agaibh nach

gcorródh a leithéid de scéal é? Cá bhfuil an duine nach measfadh gur tugadh mórmhasla agus aithis dó? Ar an ábhar sin, a chairde na páirte i gCríost, seachnaigí sibh féin, má fhanann sibh ón Suipéar beannaithe seo, sula dtarraingíodh sibh fearg Dé anuas oraibh féin. Is furasta do dhuine a rá, Ní ghlacfad Comaoineach, mar go bhfuil cúramá saolta do mo thoirmeasc air. Ach ní ghlactar lena leithéid de leithscéal chomh réidh sin i láthair Dé. Má eir duine agaibh, Is peacach rómhór mé, agus mar sin is egal liom dul: cad chuige nach ndéanfadh sibh aithreachas agus sibh féin a leasú? Nuair a chuireann Dia gairm oraibh, nach náireach libh a rá nach rachaidh sibh chuige? Nuair ba cheart daoibh filleadh chun Dé, an amhlaidh a thabharfaidh sibh leithscéal, á rá nach bhfuil sibh ullamh? Déanaigí machnamh daoibh féin go staidéartha ar a laghad brí a bheidh le leithscéalta bréige mar sin i láthair Dé. An dream a d'eitigh an fhleá sa Soiscéal, de bhrí go rabhadar tar éis feirm a cheannach, nó go raibh fonn orthu a gcuingir dhamh a fhéacháil, nó go rabhadar pósta, níorbh aon leithscéal dóibh an méid sin, ach is amhlaidh a measadh nárbh fhiú an Fhleá neamhaí iad. I mo pháirt féin de, beidh mé ullamh; agus de réir mar atá sé de cheangal orm, fógraím oraibh in Ainm Dé, glaoim oraibh ar son Chríost, brostaím sibh, le grá do bhur slánú féin, chun bheith páirteach sa Naomhchomaoineach seo. Agus faoi mar a dheonaigh Mac Dé a anam a thabhairt suas don bhás ar an gCroch le fonn bhur slánaithe; tá sé d'fhiacha oraibhse mar an gcéanna an Chomaoineach a ghlacadh i gcuimhne íobartha an bháis sin, de réir mar a d'ordaigh sé féin: agus má dhéanann sibh faillí ann, machnaigí daoibh féin ar mhéid na hurchóide a dhéanas sibh ar Dhia, agus ar dhéine an phionóis atá ag bagairt oraibh dá dheasca; an t-am go bhfanann sibh d'aonghnó ó Bhord an Tiarna, agus sibh féin a dheighilt ó bhur mbráithre, a thagann chun iad féin a bhíadadh d'fhleá na beatha atá chomh neamhaí sin. Má dhéanann sibh machnamh staidéartha ar an mhéid sin, is amhlaidh a thiocfaidh sibh le grásta Dé ar mhalairt intinne: agus leis an bhfonn sin ní stadfaimid de bheith ag déanamh ár n-iarratas umhal do Dhia Uilechumhachtach ár nAthair neamhaí.

Le linn na Comaoineach a bheith á déanamh tar éis caoi a thabhairt don dream nach rún leo comaoineachadh ar tharraingt siar, agus na Comaoineoirí cóirithe go cóngarach chun na Naomhshacraiminte a ghlacadh, is ceadaithe don Sagart an Moladh seo thíos a rá.

Tabhair faoi d'aire más amhlaidh nach léifear an Moladh seo le linn na Comaoineach, go léifidh an Cúráideach don Phobal é, áfach, cibé uair is gá é, dar leis, agus trí huair ar a laghad sa bhliain.

A TRÍ

A chairde na páirte sa Tiarna, an méid díbh atá ar aigne teacht chun Naomhchomaoineach Coirp agus Fola Chríost ár Slánaitheoir, ní mór daoibh a mheas mar a bhrostaíonn Pól Naofa na daoine go léir chun iad féin a fhéacháil agus a phromhadh, sula leomhaidís ithe den Arán sin, agus ól den Chailís sin. Óir faoi mar is mór an leas dúinn é, más le croí fíor-aithríoch, agus le creideamh beoga a ghlacaimid an Naomhshacraimint sin; óir is ansin a dhéanaimid go spioradálta Corp Chríost a ithe agus a Fhuil a ól; is ansin a chónaímid i gCríost, agus Críost ionainn; atáimid in aontacht le Críost agus Críost linne; mar sin is mór an baol dúinn é, má ghlacaimid í go neamhfhíúntach. Óir is ansin a bhímid ciontach i gCorp agus i bhFuil Chríost ár Slánaitheoir; ithimid agus ólaimid ár ndamnú féin, gan aithne a bheith againn ar Chorp an Tiarna. Tugaigí breithiúnas oraibh féin, mar sin a bhráithre, ar shlí nach dtuga an Tiarna breithiúnas oraibh; déanaigí fíor-aithreachas i dtaobh na bpeacaí a rinne sibh cheana; bíodh creideamh agaibh go buan agus go beoga i gCríost ár Slánaitheoir; leasaigí bhur mbeatha, agus bíodh láncharthanacht agaibh do chách; is mar sin is fiú sibh páirt a ghlacadh sna mistéirí naofa sin. Agus thar gach ní eile is cóir daoibh buíochas fíor- umhal croíúil a ghabháil le Dia, an tAthair, an Mac, agus an Spiorad Naomh, i dtaobh an domhan a fhuascaíll trí bhás agus trí pháis Chríost ár Slánaitheoir, é ina Dhia agus ina dhuine in éineacht; an té a d'ísligh é féin, go fiú bás na Croise, ar ár sonna, na peacaigh thrua, a bhí inár lúf sa dorchadas agus faoi scáth an bháis, ar chuma go ndéanfadh sé clann Dé dínn, agus sinn a ardú chun na beatha síoraí. Agus le fonn go gcuimhneois i gcónaí ar ghrá mórfhairsing ár Máistir, agus ár nAonslánaitheora, Íosa Críost, a fuair bás mar sin ar ár son, agus ar na maitheasa do-áirithe a chuir sé in áirithe dúinn de bharr a fhuil mhórluachmhar a dhoirteadh; d'oirnigh sé agus d'ordaigh sé mistéirí beannaithe, i gcomharthaíocht a ghrá, agus i mbuanchuimhne a bháis chun ár bhfortachta go mór agus go marthanach. Dá bhrí sin, tugaimis síorbhuíochas dósan, mar aon leis an Athair agus leis an Naomhspiorad, faoi mar atá de cheangal orainn a dhéanamh; ag géilleadh go hiomlán dá thoil agus dá mhian naofa, agus ár ndícheall seirbhíse a dhéanamh dó i bhfíonaofacht agus i bhfíréantacht gach lá dár saol. **Áiméan.**